C/2026/2129

10.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12078 – SUZANO / KIMBERLY-CLARK (INTERNATIONAL FAMILY CARE & PROFESSIONAL BUSINESS))

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2129)

1. An 31 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Suzano International Holding B.V. ('Suzano International', an Ísiltír), faoi rialú Suzano S.A. ('Suzano', an Bhrasaíl),

— Kimberly-Clark IFP NewCo B.V. ('Kimberly Clark IFP', an Ísiltír), faoi rialú Kimberly-Clark Corporation ('Kimberly-Clark', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Suzano International rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Kimberly Clark IFP ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta é Suzano International atá faoi rialú Suzano, ar cuideachta é a thrádáiltear go poiblí agus atá liostaithe ar stocmhalartáin São Paulo agus Nua-Eabhrac. Tá Suzano gníomhach den chuid is mó i dtáirgeadh agus i ndíol laín adhmaid ar an leibhéal domhanda, chomh maith le táirgí páipéir síoda sa Bhrasaíl,

— Cuimsíonn Kimberly Clark IFP na sócmhainní a bhaineann le monarú, margú, dáileadh agus díol táirgí páipéir síoda i rannán gnó 'International Family Care & Professional' Kimberly-Clark, go háirithe san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe, i Meiriceá Theas, i Meiriceá Láir, san Afraic, sa Mheánoirthear agus san Áise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12078 – SUZANO / KIMBERLY-CLARK (INTERNATIONAL FAMILY CARE & PROFESSIONAL BUSINESS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').